

An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

Socruithe chun déileáil le cúrsaí a bhaineann leis an Roinn i ndiaidh báis feirmeora

AN tAONAD FIOSRÚCHÁIN OIDHREACHTA

I ndiaidh báis feirmeora, is deacair d'ionadaithe an éagaigh, uaireanta, íocaíochtaí gan íoc a fháil agus teidlíochtaí faoi Scéim na hAoníocaíochta a aistriú mar gheall ar an ngá teagmháil a dhéanamh le rannóga éagsúla laistigh den Roinn. Tá sé mar aidhm ag an Roinn an próiseas seo a dhéanamh chomh héasca agus is féidir dár gcliaint.

Chun é sin a bhaint amach, bunaíodh Aonad Fiosrúcháin Oidhreachta le deireanas chun caidreamh a dhéanamh le hionadaithe an éagaigh agus le rannóga éagsúla na Roinne.

Go ginearálta, ní mór déileáil leis an dá shaincheist seo a leanas i ndiaidh báis feirmeora:

1. Mionsonraí cláraithe na huimhreach tréada/an choimeádaí tréada a athrú.
2. Aon airgead gan íoc atá dlite d'eastát an éagaigh a fháil íochta agus aon teidlíochtaí faoi Scéim na hAoníocaíochta a bhíodh i seilbh an éagaigh a aistriú.

Cúrsaí a bhaineann le huimhir tréada

Déantar an tasc seo san **Oifig Ceantair Tréidliachta (DVO)**.

Nuair a chuirtear an DVO ar an eolas faoi bhás an fheirmeora, déanann sí na tascanna seo a leanas:

- Cláraíonn sí bás an fheirmeora ar chórais na Roinne.
- Cuireann sí tús le próiseáil mionsonraí aistrithe an tréada agus ina dhiaidh sin athraíonn sí mionsonraí cláraithe úinéir an tréada.
- Nuair is cuí, socraíonn sí an clárú de “choimeádaí tréada” atá freagrach as bainistiú an bheostoic sa tréad agus as cúram a thabhairt dóibh.

Déileáil le híocaíochtaí gan íoc agus/nó le haistriú teidlíochtaí chun íocaíochtaí a bhíodh i seilbh an éagaigh.

D'fhéadfadh íocaíochtaí gan íoc a bheith dlite d'eastát an éagaigh faoi scéimeanna éagsúla. Tá seans ann go mbíodh teidlíochtaí faoi Scéim na hAoníocaíochta i seilbh an éagaigh freisin. An fheidhm atá ag an **Aonad Fiosrúcháin Oidhreachta** ná a chinntiú go n-íocfar aon airgead gan íoc atá dlite d'eastát an éagaigh agus, de réir mar is cuí, déileáil le haistriú aon teidlíochtaí faoi Scéim na hAoníocaíochta a bhíodh i seilbh an éagaigh

Mar sin, cad ba chóir d'ionadaithe an éagaigh a dhéanamh?

A luaithe is indéanta, ba chóir do sheiceadóir eastát an fheirmeora éagtha agus/nó an t-ionadaí dlíthiúil atá ag tabhairt aire d'eastát an éagaigh teagmháil a dhéanamh leis:

An tAonad Fiosrúcháin Oidhreachta
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia,
Foirgneamh Eircom
Bóthar Chnoc Meá
Port Laoise.

Teil: 1890 200 560
Facs: 05786 89990
R-phost: inheritance@agriculture.gov.ie

Cad a dhéanfaidh an tAonad?

Cabhróidh an tAonad Fiosrúcháin Oidhreachta le hionadaithe dlíthiúla an éagaigh:

- Na scéimeanna ar ghlac an t-éagach páirt iontu a aithint agus a fháil amach an bhfuil aon íocaíochtaí gan íoc dlite d'eastát an éagaigh.
- Cabhróidh sé leis na hionadaithe dlíthiúla teagmháil a dhéanamh le rannóga éagsúla na Roinne
- Tabharfaidh sé comhairle faoi na cáipéisí dlíthiúla a mbeidh gá leo
- Déanfaidh sé socrúithe d'eisiúint aon íocaíochtaí gan íoc atá dlite d'eastát an éagaigh agus d'aistriú teidlíochtaí faoi Scéim na hAoníocaíochta (más ann dóibh)

Agus cad faoi theidlíochtaí faoi Scéim na hAoníocaíochta a bhíodh i seilbh an éagaigh?

Tabharfaidh an t-aonad comhairle duit faoi conas is féidir na socrúithe riachtanacha a dhéanamh chun aon teidlíochtaí íocaíochta a aistriú i gcomhréir le toil an éagaigh.

Cad iad na cáipéisí dlíthiúla a mbeidh gá leo?

Is iad seo a leanas na cáipéisí príomhúla a mbeidh gá leo:

- Cóip den Uacht agus den Deonú Probháide
- Mura mbeidh Uacht ann, Litreacha Riaracháin.

Féadfaidh cáipéisí dlíthiúla eile cosúil le Teastais Bháis, etc. a bheith ag teastáil chun tacú le héilimh, ag brath ar riachtanais ar leith na scéime/na n-iarratas. Mar shampla, cé go mbíonn cáipéisí dlíthiúla ag teastáil i gcás cliant Foraoiseachta, ní mór don tSeirbhís Foraoiseachta déileáil le gnéithe breise a bhaineann le conarthaí Foraoiseachta sula scaoilfear íocaíochtaí dlite gan íoc leis an eastát.